



Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--	--

Matamaitic

Aonad M7 Páipéar 1
(Gan Áireamhán)

Ardsraith



[GMC71]

GMC71

Measúnú

AM

1 uair 15 nóiméad.

Leibhéal Rialaithe an Mheasúnaithe Ticeáil an bosca ábhartha (✓)

Coinníollacha Rialaithe	
Eile	

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach, ar leathanaigh bhána nó ar rianpháipéar.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**

Freagair **gach ceann** de na **seacht gceist déag**.

Ba chóir an obair go léir a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin. Is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 50 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Ba chóir go mbeadh, rialóir, compáis agus uillinntomhas agat.

Tá an Bhileog Foirmilí ar leathanach 2.


12376.04




16GMC7101

Bileog Foirmlí

Toirt phriosma = achar trasghearrtha \times fad




Achar traipéisiam = $\frac{1}{2}(a+b)h$




Toirt sféir = $\frac{4}{3}\pi r^3$

Achar dromchla sféir = $4\pi r^2$



Toirt chóin = $\frac{1}{3}\pi r^2 h$

Achar dromchla cuartha cóin = $\pi r l$




Cothromóid Chearnach

Réitigh ar $ax^2 + bx + c = 0$
an áit a bhfuil $a \neq 0$, tá siad tugtha ag

$$x = \frac{-b \pm \sqrt{b^2 - 4ac}}{2a}$$

I dtriantán ABC ar bith



Riail an tSínis: $\frac{a}{\sin A} = \frac{b}{\sin B} = \frac{c}{\sin C}$


Riail an Chomhshínis:

$$a^2 = b^2 + c^2 - 2bc \cos A$$

Achar triantáin = $\frac{1}{2} ab \sin C$



1 (a) Ar an eangach, méadaigh an cruth le factóir scála 2



[2]

(b) Cá mhéad uair níos mó atá achar an chrutha mhéadaithe ná achar an chrutha is lú?

Freagra _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach



2 Cé acu de na huimhreacha thíos a thaispeánann nach bhfuil an ráiteas seo a leanas fíor?

“Más corruimhir ar bith é P , ansin is uimhir phríomha i gcónaí é $P + 2$ ”

Taispeáin do chuid oibre uilig sula dticeálann tú an bosca ceart.

$P = 1$

$P = 5$

$P = 3$

$P = 7$

[2]

3 Athraigh 20 míle/u ina km/u.

Freagra _____ km/u [2]



4 I rang Bhliain 12, rinneadh an fhaisnéis seo a leanas a thairfeadh.

	Buachaillí	Cailíní
Caitheann siad spéaclaí	3	5
Ní chaitheann siad spéaclaí	10	6

(a) Cad é an codán de na daltaí sa rang a chaitheann spéaclaí?

Freagra _____ [2]

(b) Roghnaíodh dalta go randamach ón rang.

Cad é an dóchúlacht gur buachaill nach gcaitheann spéaclaí é an dalta?

Freagra _____ [1]

(c) Téann buachaill nua isteach sa rang an tseachtain ina dhiaidh sin.

Caitheann sé spéaclaí.

An athróidh sé seo an dóchúlacht go roghnófar cailín go randamach anois a chaitheann spéaclaí?

Mínigh do fhreagra go soiléir.

Freagra _____ mar _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach



5 Roinneann Sam agus Julie £35 sa chóimheas 6 : 1

Cá mhéad airgid atá i ngach sciar?

Freagra Sam £ _____

Julie £ _____ [2]



6 “Amharc a Dhaid,” arsa Erin.

“Seo na boinn airgid uilig ó mo mhuc thaisce.”

“Cá mhéad airgid atá agat?” arsa Daid.

“Is boinn 5p iad $\frac{1}{3}$ acu, is boinn 10p iad $\frac{1}{4}$ acu agus is boinn 50p iad na 10 mbonn eile,” arsa Erin.

Cad é an méid iomlán airgid atá ag Erin?

Taispeáin an obair uilig.

Freagra _____ [5]


[Tiontaigh an leathanach



7 Is peinteagán é ABCDE.

Is línte díreacha iad AF agus CG.

Oibrigh amach luach $x + y + z$



níl an léaráid
tarraingthe go
cruinn

Freagra _____ ° [5]



8 Simpligh gach ceann acu seo a leanas.

(a) $4p^3 \times 3p^4$

Freagra _____ [1]

(b) $(q^2)^3 \div q^8$

Freagra _____ [1]

9 Faigh an $n^{\text{ú}}$ téarma den tseicheamh

7, 4, 1, -2,

Freagra tá an $n^{\text{ú}}$ téarma = _____ [2]

[Tiontaigh an leathanach



10 Tástálann Tony díse séshleasach a chreideann sé atá claonta i dtreo na ré-uimhreacha.

Déanann sé turgnamh tríd an díse a rolladh.

Taifeadann sé na torthaí mar R (ré-uimhir) nó C (corruimhir).

R C R C R R C R R C R C

(a) Cad é an mhinicíocht choibhneasta de ré-uimhir?

Freagra _____ [1]

(b) Cad é mar a thiocfadh le Tony an turgnamh a fheabhsú?

Freagra _____ [1]

11 Scríobh y i dtéarmaí na n -athróg eile de

$$3y - 12 = 4x$$

Freagra $y =$ _____ [2]



12 Is é $3x$ cm fad dronuilleoige agus is é $(x + 5)$ cm a leithead.

Tá an fad níos mó ná an leithead.


(a) Scríobh an fhaisnéis seo mar éagothromóid in x .

Freagra _____ [1]

(b) (i) Réitigh an éagothromóid.

Freagra _____ [1]

(ii) Taispeáin do fhreagra ar an uimhirlíne thíos.




[1]

[Tiontaigh an leathanach



13

níl an léaráid
tarraingthe go
cruinn




Is triantán dronuilleach é ABC.

Oibrigh amach fad AB, agus tabhair do fhreagra mar shurda.

Freagra _____ cm [3]





Is triantán dronuilleach é PQR agus is í QS an líne ingearach ó Q go dtí PR.

Cruthaigh go bhfuil na triantáin PQR agus QSR comhchosúil.

[3]

[Tiontaigh an leathanach



Biachlár Rogha an Lae
 Dhá Chúrsa (cúrsa tosaigh
 agus príomhchúrsa
nó príomhchúrsa agus milseog)
 £15.95

Cúrsaí Tosaigh

Anraith an lae
 Sailéad Chaesair
Brie BÁCáilte
Bruschetta

Príomhchúrsaí

Iasc an Lae
 Sicín Chív
 Meadáillí Muiceola
 Stéig Shúil Easnacha (forlíonadh £3)
 Spaigití Bolognese

Milseoga

Císte Cáise
 Pióg Úll
 Uachtar Reoite

Tá an Biachlár Rogha an Lae thuas curtha ar fáil ag bialann.

Cá mhéad dóigh dhifriúil atá ann le dhá chúrsa a roghnú (cúrsa tosaigh agus príomhchúrsa **nó** príomhchúrsa agus milseog)?

Freagra _____ [3]



16 Déan an fhoirmle a athchóiriú le r a thabhairt i dtéarmaí na n-athróg eile.

$$V = \frac{4}{3}\pi r^3$$

Freagra _____ [2]

17 Athraíonn airde balúin, h , go díreach mar fhréamh chearnach dá achar dromchla, A .

Nuair is é 81 achar dromchla an bhalúin, is é 12 a airde.

Cad é a airde nuair is é 144 a achar dromchla?

Freagra _____ [3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

12376.04



16GMC7115

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
15	
16	
17	

Marc Iomlán	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

12376.04



16GMC7116